| | | |
|---|---|---|
| **1.** | A Sheáin!<br>Sea? | John!<br>Yes? (or What?) |
| **2.** | **Tar** isteach.<br>**Suigh** síos.<br>**Seas** suas. | **Come** in.<br>**Sit** down.<br>**Stand** up. |
| **3.** | **Cuir** an t-uisce ar an mbord.<br>**Faigh** dom gloine.<br>**Tabhair** dom an t-uisce.<br>**Sín** chugam an salann. | **Put** the water on the table.<br>**Get** me a glass.<br>**Give** me the water.<br>**Hand** me the salt. |
| **4.** | **Fan** nóiméad.<br>**Téigh** ar aghaidh.<br>**Lean** ar aghaidh.<br>**Cas** ar chlé.<br>**Cas** ar dheis.<br>**Cas** timpeall.<br>**Stad**.<br>**Féach**! | **Wait** a minute.<br>**Go** forward.<br>**Continue** ahead.<br>**Turn** left.<br>**Turn** right.<br>**Turn** around.<br>**Stop**.<br>**Look**! |
| **5.** | Fáilte isteach!<br>Cad ba mhaith leat?<br>Cad atá ag teastáil uait?<br>Cad atá uait?<br>Tabhair dom úll, le do thoil.<br>Ceart go leor.<br>Seo duit.<br>Go raibh maith agat.<br>An bhfuil aon rud eile uait?<br>Aon rud eile?<br>Sin an méid. | Welcome in!<br>What would you like?<br>What do you want / need?<br>What do you want / need?<br>Give me an apple, please.<br>OK (right enough).<br>Here you are.<br>Thank you.<br>Do you need anything else?<br>Anything else?<br>That's all. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá ... uaim. | I need … | Tá ... uainn. | We need … |
| Tá ... uait. | You need … | Tá ... uaibh. | Y'all need … |
| Tá ... uaidh. | He needs … | Tá ... uathu. | They need … |
| Tá ... uaithi. | She needs … | Tá ... ó Sheán. | Sean needs … |

| Comhrá 1 | Conversation 1 |
|---|---|
| D: A Sheáin! | Sean! |
| S: Sea, a Dhaidí? | Yes, Daddy? |
| D: **Cuir** an t-uisce ar an mbord, le do thoil. | **Put** the water on the table, please. |
| S: Ceart go leor. | OK. |

| Comhrá 2 | Conversation 2 |
|---|---|
| B: Dia duit a Phóil. | Hi, Paul. |
| P: Dia 's Muire duit, a Bhairbre. | Hi Barbara. |
| B: **Tar** isteach agus **suigh** síos. | **Come** in and **sit** down. |
| P: Go raibh maith agat. | Thank you. |

| Comhrá 3 | Conversation 3 |
|---|---|
| M: A Dheirdre! | Deirdre! |
| D: Sea, a Mhamaí? | Yes, Mommy? |
| M: **Faigh** gloine dom, le do thoil. | **Get** me a glass, please. |
| D: Seo duit. Ar mhaith leat an t-uisce? | Here. Would you like the water? |
| M: Ba mhaith. **Tabhair** dom an t-uisce. | Yes. **Give** me the water. |
| D: Seo duit. Aon rud eile? | Here you are. Anything else? |
| M: Ní anois. Go raibh maith agat. | Not now. Thank you. |
| D: Fáilte. | You're welcome. |

| Comhrá 4 | Conversation 4 |
|---|---|
| **Fan** nóiméad. | **Wait** a minute. |
| Seo an léarscáil. | Here's the map. |
| **Cas** timpeall… | **Turn** around... |
| **Téigh** ar aghaidh. | **Go** forward. |
| Anois, **cas** ar chlé. | Now, **turn** left. |
| **Lean** ar aghaidh. | **Continue** ahead. |
| **Cas** ar dheis. | **Turn** right. |
| **Stad** anseo. | **Stop** here. |
| **Féach**! Tá sé ansin. | **Look**! There it is. |

## Úlla Stofa

### Comhábhair

ceithre chéad gram d'úlla
fiche a cúig gram siúcra
cúpla braon de shú líomóide
céad fiche a cúig millilítear uisce
blaistiú: noitmig nó clóibh
*(sáith ceathrair)*

### Modh

1. **Nigh** na húlla.
   Ansin **gearr** ina gceathrúna iad.
   **Bain** an craiceann díobh
   agus **bain** an croí astu.

   **Gearr** ina slisní iad.
2. **Cuir** na húlla ullmhaithe i gcorcán
   leis an uisce,
   an blaistiú agus an sú líomóide.
   **Bain** fiuchadh as.
3. **Íslígh** an teas
   agus **cócaráil** ar feadh cúig nóiméad.
4. **Measc** an siúcra leis
   agus **cócaráil** ar feadh cúpla nóiméad
   eile chun an siúcra a thuaslagadh.
5. Is féidir úlla stofa a riar te
   le hanlann custaird
   nó fuar le huachtar.

## Stewed Apples

### Ingredients

400 grams of apples
25 grams of sugar
a few drops of lemon juice
125 milliliters of water
flavoring: nutmeg or cloves
*(enough for four)*

### Procedure

1. **Wash** the apples.
   Then **cut** them into quarters.
   **Remove** the skin from them
   and **remove** the core from
   them.
   **Cut** them into slices.
2. **Put** the prepared apples in a
   pot with the water, the
   flavoring and the lemon juice.
   **Bring** it to a boil.
3. **Lower** the temperature
   and **cook** for five minutes.
4. **Mix** the sugar with it and
   **cook** for a few minutes more
   to dissolve the sugar.
5. Stewed apples can be served
   warm with custard sauce
   or cold with cream.